2024/2016

26.7.2024

**CINNEADH (AE) 2024/2016 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 16 Iúil 2024**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1743 maidir le luach saothair sealúchas cúlchistí barrachais agus taiscí áirithe (BCE/2024/31)** ***(BCE/2024/19)***

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1 agus'Airteagail 17 agus 19 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Rinne an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú ar an luach saothair a chuirtear i bhfeidhm ar na taiscí i mbainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) nach mbaineann le cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta ('taiscí beartais neamhairgeadaíochta'). Ba é aidhm an athbhreithnithe cur isteach a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh ar thaiscí den sórt sin leis an mbeartas airgeadaíochta aonair a sheachaint, agus comhlíonadh phrionsabal an gheilleagair margaidh oscailte agus comhsheasmhacht i láimhseáil taiscí comhchosúla laistigh den Eurochóras á áirithiú ag an am céanna.

(2) Tar éis an athbhreithnithe, chinn an Chomhairle Rialaithe go bhfuil gá le trédhearcacht níos fearr maidir le luach saothair taiscí neamhairgeadaíochta. Leagtar amach na rátaí luacha saothair is infheidhme maidir leis na taiscí sin i roinnt gníomhartha dlíthiúla éagsúla. Chun trédhearcacht a fheabhsú, chomh maith le comhsheasmhacht ar fud na ngníomhartha dlíthiúla gaolmhara, is iomchuí rátaí luacha saothair a leagan amach ar bhealach cuimsitheach in aon ghníomh dlí amháin chun cumarsáid na rátaí luacha saothair a éascú agus chun gur féidir na rátaí sin a choigeartú amach anseo. Glacadh Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) ([1]) dá réir sin an 16 Aibreán 2024.

(3) Dá réir sin, ba cheart tagairtí do na forálacha ábhartha a chur in ionad na rialacha maidir le luach saothair a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2019/743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ([2]), Cinneadh (AE)2023/1209 (BCE/2024/11).

(4) Ina theannta sin, is gá soiléiriú a dhéanamh ar luach saothair sealúchas cúlchistí barrachais le linn tréimhse ina gcuirtear isteach go fada ar TARGET thar roinnt laethanta gnó, dá dtagraítear in Airteagal 187a de Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([3]). Ní bheadh an deis ag contrapháirtithe incháilithe in oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a bhfuil rochtain acu ar an tsaoráid taisce de bhun Airteagal 22 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) cistí a chur sa tsaoráid taisce le linn tréimhse den sórt sin agus, dá bhrí sin, níor cheart luach saothair a thabhairt dá sealúchais cúlchistí barrachais don tréimhse sin ag ráta níos ísle ná ráta na saoráide taisce.

(5) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá dáta chur i bhfeidhm an leasú ar Airteagal 2 a bhaineann le híocaíocht i leith taiscí áirithe le BCEseo a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11). Ba cheart feidhm a bheith ag an leasú sin ón 1 Nollaig 2024, ach ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Airteagal 1 ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31) a leasú dá réir sin,

([1]) Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir le híocaíocht taiscí beartais neamhairgeadaíochta arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (IO L, 2024/1209, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais cúlchistí farasbairr agus taiscí áirithe a íoc (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

([3]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Chinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31) mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. I gcás briseadh fada TARGET thar roinnt laethanta gnó, dá dtagraítear in Airteagal 187a de Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) (*), beidh feidhm ag míreanna 1 go 4. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil institiúidí ar contrapháirtithe incháilithe iad in oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a bhfuil rochtain acu ar shaoráid taisce an Eurochórais i gcomhréir leis an Treoirlíne sin faoi réir bhriseadh TARGET den sórt sin, tabharfar luach saothair go huathoibríoch do shealúchais cúlchistí iomarcacha a sháraíonn aon liúntas is infheidhme i gcomhréir le mír 2 ar feadh thréimhse bhriseadh TARGET ag ráta na saoráide taisce i gcás ina bhfuil ráta na saoráide taisce níos airde ná nialas. Má tá rochtain contrapháirtí incháilithe ar an tsaoráid taisce faoi réir teorann, ní bheidh feidhm ag an luach saothair a leagtar amach san abairt roimhe seo ach amháin maidir le méid cúlchistí barrachais an chontrapháirtí sin nach rachaidh thar an teorainn sin.

(*) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

**Íocaíocht i leith taiscí áirithe arna sealbhú le BCE**

1. Cuirfidh BCE na rátaí luacha saothair i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 2(4) de Chinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) ([1])* maidir le taiscí áirithe atá i seilbh BCE mar a leanas:

(a) le haghaidh cuntais a choimeádtar i gcomhréir le Cinneadh BCE/2003/14 ón mBanc Ceannais Eorpach ([2])*, Cinneadh BCE/2010/4 ón mBanc Ceannais Eorpach ([3])*, Cinneadh BCE/2010/17 ón mBanc Ceannais Eorpach ([4])*, Cinneadh BCE/2010/31 ón mBanc Ceannais Eorpach ([5])*, agus Rialachán (AE) 2020/672 ([6])*, ráta luach saothair mar a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointe (a)(i), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11);

(b) le haghaidh cuntais taisce eile don Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus don tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais nach gcumhdaítear faoi phointe (a), ráta luach saothair mar a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointe (b), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11).

Mar sin féin, le linn aon tréimhse inar gá taiscí dá dtagraítear faoi phointe (a) a choinneáil sna cuntais ábhartha roimh an dáta nach mór íocaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha dlíthiúla nó conarthacha is infheidhme maidir leis an tsaoráid ábhartha, cuirfidh BCE an ráta luacha saothair i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointe (a)(ii), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11).

2. Cuirfidh BCE an ráta luacha saothair a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointe (c)(i), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) i bhfeidhm ar an gcuntas tiomnaithe a choinnítear ar bun le BCE i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena mbunaítear na socruithe is gá chun na hoibríochtaí iasachtaíochta a riar faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus maidir leis na hoibríochtaí iasachtaithe a bhaineann le hiasachtaí arna ndeonú i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7])* agus a úsáidtear chun críocha sealúchas airgid stuamachta i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) clár NextGenerationEU;

(b) an Ionstraim chun tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais+) ([8])*;

(c) aon chlár maoinithe eile de chuid an Aontais Eorpaigh arna chomhaontú ag BCE agus ag an gCoimisiún.

Mar sin féin, i gcás méid comhiomlánaithe na dtaiscí a shealbhaítear sa chuntas tiomnaithe sin nach mó ná EUR 20 billiún, cuirfidh BCE i bhfeidhm an ráta luacha saothair arna leagan amach in Airteagal 2(4), pointe (c)(ii), de Chinneadh BCE/2024/1209 (BCE/2024/11).

(1)* Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir le híocaíocht taiscí beartais neamhairgeadaíochta a shealbhaítear i mbainc cheannais náisiúnta agus sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11 (IO, L, 2024/1209, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj).

(2)* Cinneadh BCE/2003/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Samhain 2003 maidir le riar na n-oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach faoin tsaoráid um chúnamh airgeadais meántéarmach (IO L 297, 15.11.2003, lch. 35).

(3)* Cinneadh BCE/2010/4 ón mBanc Ceannais Eorpach an 10 Bealtaine 2010 maidir le bainistiú iasachtaí déthaobhacha comhthiomsaithe chun sochair don Phoblacht Heilléanach agus lena leasaítear Cinneadh BCE/2007/7 (IO L 119, 13.5.2010, lch. 24).

(4)* Cinneadh BCE/2010/17 ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Deireadh Fómhair 2010 maidir le riar na n-oibríochtaí í trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas faoin Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (IO L 275, 20.10.2010, lch. 10).

(5)* Cinneadh BCE/2010/31 ón mBanc Ceannais Eorpach an 20 Nollaig 2010 maidir le cuntais a oscailt chun íocaíochtaí a phróiseáil i ndáil le hiasachtaí de chuid EFSF do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu (IO L 10, 14.1.2011, lch. 7).

(6)* Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le hionstraim Eorpach a bhunú le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú in éigeandáil (SURE) tar éis ráig COVID-19 (IO L 159, 20.5.2020, lch. 1).'

(7)* C(2021) 2502 final.

(8)* Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a sholáthar don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais+) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1).'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (2) ón 1 Nollaig 2024.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 16 Iúil 2024.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE